
## **Bileog 2.1** An Teaghlach

**A.** Bí ag obair leis an duine in aice leat agus smaoinígí ar na focail ar fad atá ar eolas agaibh a bhaineann le baill éagsúla den teaghlach. Scríobhaigí na focail sa bhosca thíos:

**B.** Bí ag obair leis an duine in aice leat arís. Déanaigí iarracht abairtí a chumadh faoi na daoine thíos atá fíor faoina dteaghlaigh, ag baint úsáide as na focail a bhí agaibh sa bhosca thuas. An bhfuil aon eolas breise agaibh fúthu?




**Nicole agus Tom**



**Clann Nicole agus Tom**
**Isabella agus Conor**



**Tom agus Katie**



**Suri: Iníon**
**Tom agus Katie**



**Féach an focal 'bliain'!**
**Cad is féidir leat a rá faoin bhfocal seo?**
**Cén aois atá ag gach duine i do theaghlach?**
**An féidir leat aois pháistí Tom Cruise a rá?**

**C.** Pléigí na ceisteanna seo a leanas:

- Cén gaol atá ag Suri le hIsabella?
- Cén gaol atá ag tuismitheoirí Nicole le Conor?
- Cén gaol atá ag Tom le hIsabella?
- Cén gaol atá ag Isabella le Conor?
- Cén gaol atá ag Katie le Suri?

**D.** Éist anois le Siobhán, Bean Uí Ghearailt ag déanamh cur síos ar a clann. Tóg nótaí nuair atá sí ag caint agus ansin pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat:

- Cé mhéad garpháiste atá ag Siobhán?
- Cad é atá le rá aici faoin gcúpla?

© Ollscoil Mhá Nuad